
# An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach
# Tuarascáil Bhliantúil 2015 - 2016



IT Sligo
An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach



## ‘Square Moon’

An dearadh a bhuaigh Comórtas Ailtireachta Idirnáisiúnta Yeats 2015, a d’eascair as an dán *‘The Lake Isle of Innisfree’* le WB Yeats, féachann sé síos ar oileán Inse Fraoigh atá suite i Loch Gile i Sligeach.

Ba í foireann Ailtireachta IT, Sligeach a bhunaigh agus a d’fhorbair an comórtas mar chuid de cheiliúradh Yeats 2015. Fuarthas na céadta iontráil ó dhaoine ar fud an domhain. Ba é Shindesignworks, foireann deartha Ailtireachta Angla-Chóiréach, a thug an lá leo.



Cumhdaíonn an tuarascáil seo an tréimhse
1 Meán Fómhair 2015 – 31 Lúnasa 2016

# Clár na nÁbhar

| | |
|---|---|
| Brollach | 5 |
| Rannpháirtíocht agus Eispéireas na Mac Léinn | 6 |
| Taighde agus Nuálaíocht | 20 |
| Rannpháirteachas agus Teagmháil Sheachtrach | 26 |
| I dTreo Ollscoil Teicneolaíochta | 30 |
| An Bord Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil | 32 |
| Cuntais | 36 |

## Éachtaí


8
Cuma nua na Printíseachta in Éirinn


21
Éire an Ama atá Caite i gCnámha Béir


22
Leathadh na dTarbhfhrídí a Rialú


27
Halla Éisteachta Nua

# Brollach

Thar ceann Bhord Rialaithe na hInstitiúide Teicneolaíochta, Sligeach, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le pobal acadúil, le baill foirne, le baill foirne atá ar scor, le mic léinn, le céimithe agus leis an iliomad comhpháirtithe tionscail agus gairmiúla a chuidigh le hinstitiúid bhríomhar de chuid an 21ú haois a dhéanamh de IT, Sligeach.



Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo cuntas ar mhóréachtaí agus ar mhórimeachtaí a tharla sa tréimhse idir Meán Fómhair 2015 agus Lúnasa 2016.

Ina measc tá, taighde ceannródaíoch i réimsí na seandálaíochta agus na nanaitheicneolaíochta, a tharraing aird nach beag idirnáisiúnta orainn, agus éachtaí agus scéalta na mac léinn atá i gcroílár a ndéanaimid in IT, Sligeach. Anuas air sin, cheadaigh an tAire do IT, Sligeach agus dá comhpháirtithe i gComhghuaillíocht Chonnacht-Uladh plean Chéim 2 a chur le chéile d'fhonn na critéir a chomhlíonadh chun athainmniú um Ollscoil Teicneolaíochta a fháil, ainmníodh an IT sa dara háit as measc Institiúidí Teicneolaíochta na bliana sa Sunday Times Irish University Guide 2016, agus forbraíodh an chéad chlár Printíseachta ina chlár céime do Thionscal an Árachais.

Is léiriú iad na héachtaí sin ar raon agus ar fhairsinge uaillmhian IT, Sligeach.

Tá difríocht mhór idir IT, Sligeach agus gach Institiúid eile Ardoideachais sa mhéid is go bhfuil sí ar thús cadhnaíochta ó thaobh na foghlama cumaisc agus ar líne. Agus breis is 1,800 mac léinn ag déanamh staidéir ar líne (um an tríú cuid dár mic léinn), tá teacht ar an ardoideachas ag pobal scaipthe ar fud an réigiúin agus ag daoine sa lucht saothair ar mian leo cur lena gcuid scileanna nó scileanna nua a shealbhú agus iad fós i mbun oibre.

Chuir an Bord Rialaithe in iúl an uaillmhian atá againn a bheith inár nOllscoil Teicneolaíochta. Ach a n-athainmneofar inár nOllscoil Teicneolaíochta muid, bainfear cloch mhíle amach i dtaca le soláthar an ardoideachais i Sligeach agus san Iarthuaisceart. Cuirfear dlús faoi gheilleagar an réigiúin, cuirfear le mealltacht an réigiúin i measc infheisteoirí isteach agus cuirfear céimithe ardsciliúla ar fáil don réigiún agus coinneofar sa réigiún iad.

Cé go bhfuil éiginnteacht áirithe ag baint leis an bpróiseas reachtaíochta um Ollscoileanna Teicneolaíochta a bhunú, táimid meáite ar na critéir a leag an Roinn Oideachais agus Scileanna amach a chomhlíonadh, rud a rachaidh chun sochair do IT, Sligeach pé scéal é agus a fhágfaidh gur fearr an seans a bheidh ag IT, Sligeach stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach, cibé comhthéacs reachtach a thiocfaidh chun cinn.

Tá stádas airgeadais agus straitéiseach IT, Sligeach an-láidir. Bhain an Institiúid stádas Chatagóir 1 amach i measúnacht Chomhaontú an Ardoideachais do 2016. Tá an IT ag feidhmiú ar chaighdeán náisiúnta ina cuid gníomhaíochtaí éagsúla. Tá réimsí barr feabhais againn atá in ann dul san iomaíocht le heagraíocht ar bith ar domhan. Ní mór dúinn na gníomhaíochtaí sin a fhás agus leanúint orainn ag forbairt inár n-iomláine.

Aithníonn an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) go bhfuil Córas Ardoideachais na hÉireann tearcmhaoinithe agus fad is atá díospóireacht ar siúl ar leibhéal náisiúnta féachaint cén chaoi a bhféadfaí dul i ngleic leis an tearcmhaoiniú sin, tá sé ríthábhachtach go mbainfeadh IT, Sligeach úsáid as a cuid acmhainní ar an mbealach is éifeachtaí agus is tíosaí d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach sa phlean seo a bhaint amach.

An rath a bhí ar an Institiúid le blianta beaga anuas, tráth ar gearradh siar an maoiniú go mór, ba thoradh é ar chion na foirne atá gairmiúil, tiomanta, dinimiciúil, nuálach agus meáite ar thacú le mic léinn. Ní dhéanfaimid talamh slán den chion sin, ach leanfaimid orainn ag cothú na foirne agus ag cur na timpeallachta foghlama is fearr is féidir ar fáil.

Agus mé ag imeacht ó IT, Sligeach chun dul i mbun ról nua in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le pobal acadúil, le baill foirne, le baill foirne atá ar scor, le mic léinn, le céimithe agus leis an iliomad comhpháirtithe tionscail agus gairmiúla a chuidigh le hinstitiúid bhríomhar an 21ú haois a dhéanamh de IT, Sligeach.

Guím gach rath ar an Uachtarán nua, an Dr Brendan McCormack.

Tá IT, Sligeach réidh don chéad chéim eile dá forbairt anois. Agus an geilleagar ag dul chun bisigh mar aon le treochtaí déimeagrafacha a thugann le fios go mbeidh éileamh níos mó ar an ardoideachas agus leis an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais, tá sé d'uaillmhian ag an Institiúid sa mheántréimhse go n-ainmneofaí ina hOllscoil Teicneolaíochta í.

Tá tréimhse spreagúil agus dhúshlánach romhainn amach. Creidim go bhfuil an cumas agus an saineolas ag IT, Sligeach a sháróidh na dúshláin sin agus a thapóidh na deiseanna a thiocfaidh chun cinn.

**An tOllamh Vincent Cunnane, Uachtarán (ag fágáil) IT, Sligeach**

# Rannpháirtíocht agus Eispéireas na Mac Léinn



01

Tá IT, Sligeach bródúil as an gcáil atá uirthi mar institiúid atá mac léinn-lárnach. Is é misean croíláir na hInstitiúide a chur ar chumas na mac léinn a lánmhianach a bhaint amach agus céimithe lánoilte a chur ar fáil ag a bhfuil cáilíochtaí a oireann don tionscal.

# IT, Sligeach de réir Uimhreacha
2015/16

## Iontrálaithe Nua
Fochéimithe Lánaimseartha

Iomlán 1, 124

- 27 % Eolaíocht
- 35 % Innealtóireacht agus Dearadh
- 38 % Gnó agus Eolaíocht Shóisialta

**17 %** Ba í an Innealtóireacht an réimse staidéir ba mhó a raibh tóir air

**37 %** Lean ar aghaidh chuig clár Céime Onóracha Baitsiléara

## Clárú
Iomlán 5, 662

- Fo chéimithe 93 %
- Lánaimseartha 66 %
- Cianda 33 %
- Iar chéimithe 7 %
- Páirtaimseartha 1 %

- Mná 41 %
- Fir 59 %

## Céimithe
Iomlán 1, 534

**18 %** Bhain de chéimithe Céime Onóracha Baitsiléara Cáilíocht 1ú hOnóracha amach

**48%** Bhain díobh sin le réimsí na hEolaíochta, na Matamaitice & Ríomhaireachta agus na Déantúsaíochta Innealtóireachta agus Foirgníochta

**17 %** Bhain díobh le réimsí na nEalaíon, an tSruithléinn, an Ghnó agus an Dlí

## Rannpháirtíocht

| | 2010/11 | 2015/16 |
|---|---|---|
| Iontrálaithe Nua Fochéime Lánfhásta (Lánaimseartha) | 21 % | 16 % |
| Foghlaimeoirí Solúbtha (Páirtaimseartha) | 27 % | 34 % |

## Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta
295 mac léinn as 37 dtír

- AE 42 %
- An chuid eile den domhan 37 %
- An Áise 12 %
- Meiriceá Thuaidh 9 %

## Spléachadh ar ár gcuid cúrsaí
*De réir fhaisnéis an HEA amhail Iúil 2016

- 89 Cúrsa Lánaimseartha
- 57 Cúrsa Páirtaimseartha
- 9 Máistreacht Mhúinte
- 155 Cúrsa san Iomlán


# Earn. Learn. Experience – an Phrintíseacht um Chleachtóir Árachais


**Sa bhliain 2016, rinne an Foras Árachais, le tacaíocht Thionscal an Árachais, clár nua ceannródaíoch printíseachta a dhearadh agus a fhorbairt d'oibrithe gairmiúla Árachais. De bhun shaineolas IT, Sligeach i dtaca leis an oideachas ar líne ba í an comhpháirtí idéalach seachadta í.**

Tá an clár nua céime onóracha, arb é is aidhm leis lucht gairme Árachais a ullmhú do shaol na hoibre, ag cuidiú leis an oiliúint printíseachta a athrú ó bhonn in Éirinn. Is é an Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Árachais an chéad chlár ar Leibhéal 8 a bhfuil bailíochtú gairmiúil aige san Ardoideachas agus is í Roinn an Ghnó san Institiúid, i gcomhar leis an bhForas Árachais, a sheachadann an clár. Cuireann an comhoibriú dlúth atá ann le Tionscal an Árachais ar chumas lucht fágála scoile, céimithe agus daoine ar mian leo a ngairm a athrú tabhairt faoi cheann de na hearnálacha is ilghnéithí agus is mó in Éirinn. Ba é an Dr Michael Barrett (IT, Sligeach) agus Sandra Harvey Graham (An Foras Árachais) a bhí i bhfeighil na meithle, agus tá an clár printíseachta ceannródaíoch seo ag mealladh céimithe ó ar fud na hÉireann.



*Cuid de phrintísigh nua um Chleachtóir Árachais de chuid IT, Sligeach*





The Insurance Institute
Apprenticeship Real-life Learning

Tá tacaíocht ag an bPrintíseacht nua um Chleachtóir Árachais ón gComhairle Printíseachta, ó SOLAS: an tÚdarás um Breisoideachas agus Breisoiliúna; agus ón Údarás um Ard-Oideachas.

Léiríonn an phrintíseacht cheannródaíoch céime onóracha seo meon athraitheach na hÉireann san 21ú haois. Is léiriú ar uaillmhian é. Ó bunaíodh IT, Sligeach ina Ceardcholáiste Réigiúnach sa bhliain 1970, bhí baint aici le hoiliúint printíseach. De réir mar a tháinig athrú ar phrintíseachtaí in imeacht na mblianta, tháinig athrú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim anseo againne, rud a chuireann ar ár gcumas freastal ar éilimh athraitheacha gheilleagar na hÉireann, agus céimithe ardsciliúla infhostaithe a chur ar fáil.

# Fís um an Innealtóireacht Bheachtais

Sa bhliain 2015, d'fhógair an Institiúid plean uaillmhianach maidir le hIonad Barr Feabhais um an Innealtóireacht Bheachtais. Mar aon lena bheith dílis dár n-oidhreacht i dtaca le déantúsaíocht uirlisí, dearbhaíonn an fhís seo a mheáite atáimid go bhfreastalódh bonneagar Innealtóireachta Beachtais na hInstitiúide ar riachtanais tionsclaíochta na linne seo. I rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú, rinne an Institiúid dul chun cinn suntasach i dtaca le Céim 1 den Ionad Barr Feabhais um Innealtóireacht agus Monaraíocht Bheachtais (PEM) a bhunú. Tá an straitéis bunaithe ar cheithre phríomhréimse:




Ag tús na bliana 2016, ceadaíodh go mbunófaí clár nua Céime Onóracha ar Leibhéal 8 san Innealtóireacht Bheachtais & Dearadh. Ó bunaíodh an coláiste sa bhliain 1970, rinne sé, mar Ionad Náisiúnta Oiliúna Thionscal na hUirliseoireachta, raon clár speisialtóireachta a fhorbairt agus a sheachadadh i dtaca le Dearadh Uirlisí, Innealtóireacht Bheachtais Ríomhchuidithe, Teicneolaíocht Déanta Samhlacha, Próiseáil Poiliméirí agus Dearadh Táirgí. Ach ar fhaomh an painéal bailíochtúcháin seachtrach an clár nua céime seo, cuireann IT, Sligeach cúrsaí ar fáil anois san Innealtóireacht Bheachtais agus Dearadh ar leibhéil Ardteastais (Leibhéal 6), Gnáthchéime (Leibhéal 7) agus Céime Onóracha (Leibhéal 8).

Forbraíodh cúrsaí nua i ndlúthchomhairle le lucht tionscail chun freastal ar éilimh shainsonraithe ar chéimithe a dhéanann speisialtóireacht i réimsí dá leithéidí dearadh múnla, innealtóireacht ríomhchuidithe, méadreolaíocht, bailíochtú, próiseáil polaiméirí agus monaraíocht thíosach.

## Dul i ngleic le ganntanas oibrithe oilte san innealtóireacht amach anseo

Seoladh clár nua Teicneolaíochta Próisis Innealtóireachta i mí Mheán Fómhair 2015. Is comhoibriú é seo le IMDA Skillnet agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP), IDA Éireann agus cuideachtaí áitiúla i Sligeach. Ullmhaíonn an clár nua cuardaitheoirí poist do ghairmeacha in earnálacha na hinnealtóireachta agus na monaraíochta. Is é aidhm an chláir seo dul i ngleic le ganntanas oibrithe oilte san innealtóireacht sa réigiún.

## Ar na cláir nua fochéime eile a tugadh isteach i rith na bliana acadúla 2015/16, bhí:

- BSc (Onóracha) sa Ríomhaireacht
- BSc (Onóracha) san Eolaíocht
- Ardteastas san Innealtóireacht Leictreonach
- Ardteastas san Innealtóireacht Mheicniúil
- Ardteastas sa Mheicitreonaic

## Cláir a forbraíodh i gcomhpháirtíocht leis an tionscal:

- MSc i nGnóthaí Rialála (i gcomhar le NUIG) Ar líne
- Céim L8 san Innealtóireacht Bheachtais & Dearadh
- Teastas L7 i bPróiseáil Polaiméirí
- Teastas L6 i dTeicneolaíocht Innealtóireachta Próisis (tionscnamh áitiúil atá dírithe ar dhaoine dífhostaithe) Cumann Feistí Leighis na hÉireann
- Lean Six Sigma Blackbelt

## Comhaontú RCSI

Shínigh IT, Sligeach comhaontú nua freisin le Scoil Cógaisíochta Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) chun conair dhíreach chuig Máistreacht Cógaisíochta an RCSI a chur ar fáil do chéimithe Bhaitsiléir Eolaíochta na hInstitiúide san Eolaíocht Cógaisíochta le Forbairt Drugaí.

## Cuidiú le Gnóthaí Rialála 'Máistreachta' Earnáil na Teicneolaíochta Leighis

Tugadh comhoibriú nua oideachais isteach i bhFómhar na bliana 2015 idir Cumann Feistí Leighis na h Éireann, Skillnet, IT, Sligeach agus OÉ Gaillimh chun cuidiú le feabhas a chur ar chumas chuideachtaí na hÉireann róil shinsearcha rialála agus dearbhaithe cáilíochta a líonadh. Is clár foghlama cumais nua ar líne í an Mháistreacht i nGnóthaí Rialála Teicneolaíochta Leighis agus is é an chéad cheann dá leithéid sa tír. Tá tionscal na teicneolaíochta leighis ar cheann de na réimsí is mó fás i ngeilleagar na hÉireann agus cuireadh an cúrsa seo le chéile agus cuireadh ar bun é chun freastal ar riachtanas sonrach an tionscail.




*Cuidiú le Gnóthaí Rialála 'Máistreachta' Earnáil na Teicneolaíochta Leighis*



***Comhghairdeas le rang na céime 2015/16***

## Bronnadh Bliantúil Céimeanna

Bronnadh céimeanna ar 1534 céimí nua ón mbliain acadúil 2015/16 ag searmanais bhronnta céimeanna a mhair dhá lá in Airéine Chnoc na Riabh. Reáchtáladh searmanas bronnta céimeanna eile i Melbourne na hAstráile, mar a bhfuair céimithe ar líne ón nGléasra Monaraíochta CSL a gcáilíochtaí Leibhéal 8 sa Phróiseáil Bithchógaisíochta.

Sa bhliain atá faoi athbhreithniú freisin bronnadh an Teastas Iarchéime Leibhéal 6 san Innealtóireacht Chothabhála Bóthair agus Bainistíocht Líonra ar an gcéad chohórt mac léinn. Is comhoibriú é seo le Grúpa Oiliúna Náisiúnta na Seirbhísí Údaráis Áitiúil (LASTNG). Cuireann sé deis ar fáil d'innealtóirí, do chomhairligh agus do chonraitheoirí ardsciliúla an réigiúin, atá freagrach as gréasán na mbóithre, tabhairt faoi dheis nua oideachais chun a saineolas a fheabhsú ach teacht a bheith acu ar an taighde, ar na forbairtí agus ar na nuálaíochtaí is déanaí.

## Gradam Irish University Guide 2016

Ainmníodh IT, Sligeach sa dara háit as measc Institiúidí Teicneolaíochta na Bliana de chuid an Sunday Times Irish University Guide don bhliain 2016. Ardaíodh an Institiúid cúig áit sa rangú trí chéile agus ba aici a bhí an ráta fostaíochta céimithe ab airde as measc na bhforas tríú leibhéal uile i dtábla rangaithe an Sunday Times, mar a fostaíodh 97.6% de chéimithe as measc chéimithe na hInstitiúide sa bhliain 2014, céimithe a raibh eolas ar fáil maidir lena gceann scríbe.

## Ceiliúradh Bronnta Céime do Mhic Léinn Idirnáisiúnta

Tugadh aitheantas d'éachtaí acadúla i measc mac léinn idirnáisiúnta de chuid IT, Sligeach arb as Óman, an Libia agus an Chipir dóibh, in Earrach na bliana 2016 nuair a bronnadh dámhachtainí an Bhonnchláir Idirnáisiúnta orthu. Cuireann an dámhachtain sainchuspóra bliana seo conair dhíreach ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta chuig clár céime de chuid IT, Sligeach.



*Ceiliúradh Bronnta Céime do Mhic Léinn Idirnáisiúnta*

## Naisc Nua Idirnáisiúnta

Tá pobal éagsúil agus bríomhar mac léinn idirnáisiúnta ag IT, Sligeach, a raibh 295 mac léinn díobh ann (2015/2016) – líon atá an méadú leis. Cuimsíonn an iontógáil tíortha AE agus neamh-AE araon, cuir i gcás an Mhalaeisia, an Bhrasaíl, Óman, Cuáit, an Araib Shádach agus Ceanada. Treisíodh naisc fhadbhunaithe oideachais na hInstitiúide thar lear de bhun comhpháirtíochta nua le ceann d'institiúidí príomha ardoideachais na Malaeisia, Coláiste Ollscoile Tunku Abdul Rahman (TAR UC), a bhfuil 19,000 mac léinn ag freastal air. Cuireann an comhaontú conaire deiseanna nua déanta céime ar fáil do mhic léinn na Malaeisia i roinnt cúrsaí in IT, Sligeach.

## Cuidíonn MOOC Ar Líne le Tairmtheacht Oideachais

Stiúir IT, Sligeach forbairt agus bunú Ollchúrsa nua Oscailte Ar Líne (MOOC) "Get Ready Education - A Learning Journey" arb é is aidhm leis cuidiú le mic léinn na sraithe sinsearaí i scoileanna dara leibhéal agus le fochéimithe na chéad bhliana tairmtheacht go rathúil chuig an oideachas tríú leibhéal.

Ba í an Institiúid a stiúir an MOOC i gcomhpháirtíocht le cúig institiúid eile tríú leibhéal, clár a d'eascair as taighde a thaispeáin gurb é an dúshlán is mó a chaitheann mac léinn a shárú agus é nó í ag tairmtheacht ón oideachas dara leibhéal chuig an oideachas tríú leibhéal ná easpa ullmhúcháin don chineál foghlama a mbítear ag súil leis ar an tríú leibhéal agus easpa tuisceana air.



*Ionad Sláinte Athchóirithe Mac Léinn ar oscailt*

## Ionad Sláinte Athchóirithe Mac Léinn ar oscailt

Osclaíodh Ionad Sláinte Athchóirithe Mac Léinn go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2015. Ar na háiseanna atá ann tá fáiltiú nua agus leagan amach feabhsaithe na seomraí comhairliúcháin, rud a chinnteoidh rúndacht agus príobháid níos fearr do mhic léinn agus do bhaill foirne a bhíonn i ngátar na seirbhíse.

# Éachtaí na Mac Léinn

Agus um 6,000 mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha ag déanamh staidéir in IT, Sligeach, is iontach an fuinneamh agus an tallann atá ann. Bhain na mic léinn sin éachtaí nach beag amach i rith na bliana. Seo a leanas spléachadh ar chuid díobh sin.







*An léachtóir John Joe O'Reilly & an Printíseach Daniel Murphy*



*Mac léinn le Dearadh Cruthaitheach Niall McGonigle*



*Buaiteoir Thréimhse Chónaitheachta Dearaidh Yeats, Holly Smith*



*Sophie Knox - Banphearsantacht na Bliana 2016*



*Declan Reidy - Fearphearsantacht na Bliana 2016*

## Buaiteoir WorldSkills Medallion of Excellence don bhliain 2015

Ghnóthaigh Printíseach Siúinéireachta Daniel Murphy Medallion of Excellence ag an 43ú comórtas WorldSkills sa Bhrasaíl i mí Lúnasa 2015. Thug Daniel, ar as Contae Mhuineacháin dó, faoi chlár dianoiliúna 10 seachtaine san Institiúid faoi stiúir an léachtóra John Joe O'Reilly. Rinne an printíseach uirliseoireachta Donal Logan ó Tool & Gauge (Sligeach) ionadaíocht ar Éirinn sa chomórtas Innealtóireachta Ruaime Plaistí ag an ócáid chéanna. Ba é Stephen Reid, ball foirne na hInstitiúide, a bhí mar mheantóir aige.

## Fios Feasa Cruthaitheach Niall

Bhain Niall McGonigle as Bun Dobhráin i gCo. Dhún na nGall, ar mac léinn bhliain na céime le Dearadh Cruthaitheach & Nuálaíocht é, an chraobh náisiúnta amach ag Gradaim Ógfhiontraí Barr Feabhais na hÉireann sa bhliain 2016.

Tá a choincheap, a bhí ar an ngearrliosta sa chatagóir 'An Smaoineamh is Fearr le haghaidh Gnó Nua', bunaithe ar fheiste cheannródaíoch a chuideoidh le hothair teacht slán ó obráidí inne.

## Éacht bainte amach ag Holly

Chuidigh léiriú ealaíonta de Macbeth le William Shakespeare agus carr rásaíochta Fhoirmle 1 á thiomáint aige le Holly Smith, mac léinn dearaidh bhliain na céime leis na Taibh-ealaíona, Tréimhse Chónaitheachta ardghradaim Dearaidh Yeats a bhaint amach don bhliain 2016 in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath. Is comhoibriú bliantúil í tréimhse chónaitheachta Dearaidh Yeats idir Amharclann na Mainistreach agus IT, Sligeach, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2012, agus is é is aidhm leis mic léinn óga thréitheacha le Dearadh Amharclannaíochta ar chlár céime sna Taibh-Ealaíona a chothú.

## Gradaim na gClubanna agus na gCumann

Ainmníodh Sophie Knox as Baile Uí Fhiacháin i gContae Mhaigh Eo, ar mac léinn bhliain na céime le Meicitreonaic í, ina Banphearsantacht na Bliana ag Gradaim Bhliantúla na gClubanna agus na gCumann don bhliain 2016 as an obair a rinne sí le club badmantain na hInstitiúide. Ghnóthaigh sí Gradam INTEL na mBan san Innealtóireacht sa bhliain 2016 freisin.

## Tee To Green

Ainmníodh mac léinn scoláireachta spóirt IT, Sligeach, Declan Reidy, ina Fhearpheasantacht na Bliana ag Gradaim Bhliantúla na gClubanna agus na gCumann don bhliain 2016 as a chuid éachtaí gailf sa bhliain acadúil 2015/16, nuair a bhain sé amach scoláireacht mhórghradaim ghailf Royal & Ancient. D'éirigh le Declan ainmniú mar Ambasadóir Céime IT, Sligeach don bhliain 2016/17 a bhaint amach ina dhiaidh sin.

# Éachtaí Spóirt

Is mian linn in IT, Sligeach go mbainfeadh gach mac léinn a lánchumas amach, go hacadúil agus go pearsanta. Tá clár Scoláireachtaí Spóirt na hInstitiúide ar bun ón mbliain 2003 agus cuirtear struchtúr tacaíochta ar fáil do scoláirí ardghnóthachtála spóirt.



## Bronnadh Scoláireachtaí nua Spóirt ar 32 mac léinn de chuid IT, Sligeach sa bhliain acadúil 2015/16

Dírithe ar a gcuid scileanna a fhorbairt agus ambasadóirí na hInstitiúide a dhéanamh díobh i gcomórtais sa bhaile agus thar lear.

Chuimsigh na dámhachtainí sin 13 disciplín spóirt, ina measc an lúthchleasaíocht, cluichí Gaelacha, sacar, liathróid raicéid, lámhach créphlátaí agus crosógaíocht. Rinneadh a scoláireachtaí spóirt a athnuachan do 23 mac léinn eile.

## Comhpháirtíocht Nua Scoláireachtaí AbbVie – Uaillmhian sa bhreis ar Spórt

I samhradh na bliana 2016, thug IT, Sligeach isteach clár eile Scoláireachtaí Spóirt i gcomhoibriú nua leis an gcuideachta bithchógaisíochta domhanda, AbbVie.

Is é is aidhm le Clár Scoláireachtaí Spóirt & Intéirneachta AbbVie deis nua a thabhairt do mhic léinn ardghnóthachtála i réimse an spóirt a n-uaillmhianta gairme a bhaint amach. Bronnadh dhá Scoláireacht AbbVie, ar fiú €2000 an ceann iad. Tá na hiarrthóirí rathúla i dteideal intéirneacht íoctha mic léinn le AbbVie i rith mhíonna an tsamhraidh freisin.




*Comhpháirtíocht nua Scoláireachtaí AbbVie*

Ar na héachtaí spóirt a baineadh amach in IT, Sligeach i rith na bliana acadúla 2015/16, bhí:

## Curadh Cicdhornálaíochta Domhanda

Bhuaigh Dessie Leonard, céimí Leibhéal 7 le hEolaíocht Sláinte agus Síceolaíocht (atá i mbun staidéir dá bhreiseán L8 le Sláinte Phobail agus Cothú Sláinte faoi láthair) teideal Cicdhornálaíochta Domhanda WAKO an 28 Samhain i mBaile Átha Cliath. Tá Scoláireacht Óir Spóirt de chuid IT, Sligeach á fáil ag Dessie freisin.

## Teideal Idir-ollscoile buaite ag Tonnmharcaigh

De bhun a gcuid scileanna agus dianoibre bhuaigh foireann tonnmharcaíochta IT, Sligeach an Comórtas Tonnmharcaíochta Náisiúnta Idir-ollscoile sa bhliain 2016. Thug foireann IT, Sligeach an svae leo chun an comórtas sin a bhuachan don dara huair i stair na hInstitiúide.

## Corn Fergal Maher buaite ag na hIománaithe

Bhí bliain den scoth ag foireann iománaíochta IT, Sligeach agus iad ag glacadh le Corn Fergal Maher sa bhliain 2016 tar éis dóibh an bua a fháil ar fhoireann GMIT Leitir Fraic sa chluiche ceannais a reáchtáladh deireadh seachtaine na gcluichí ceannais iománaíochta Ardoideachais a tionóladh in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

## Teideal Cispheile

Bhuaigh foireann fear cispheile na hInstitiúide craobh cispheile Shraith 3 na hÉireann sa bhliain 2016 le bua ar fhoireann DIT sa chluiche ceannais.

## Bonn óir do Dolphin

Bhuaigh Shane Dolphin, ó Chontae na Gaillimhe, ar mac léinn le Próiseáil Polaiméirí ar an mBaitsiléir Innealtóireachta é, teideal Karate Idir-ollscoile na hÉireann i gcomórtas Kata na bhfear.



*An Curadh Cicdhornálaíochta Domhanda Dessie Leonard*



*Foireann Tonnmharcaíochta IT, Sligeach - Curaithe Idir-ollscoile 2016*



*Buaiteoirí Chorn Fergal Maher seo againne 2016*



*Foireann Chispheile IT, Sligeach*



*Curadh Karate Shane Dolphin*

## An Fhoireann atá againn

**270**
An Fhoireann Acadúil

**157**
An Fhoireann Neamhacadúil

**477**
An Fhoireann Iomlán

*De réir fhaisnéiseán an Chreata Rialaithe Fostaíochta (ESF), Meitheamh 2016

I suirbhé ar mhic léinn na hInstitiúide a coimisiúnaíodh go neamhspleách i rith na bliana acadúla 2015-16, arna dhéanamh ag Behaviour & Attitudes, luadh gurb í an fhoireann ceann de na buanna is mó atá ag IT, Sligeach. Is teist é seo ar dhíograis agus ar dhúthracht bhaill foirne tacaíochta agus acadúla na hInstitiúide ar mór acu an cur chuige pearsanta agus mac léinn-lárnach atá acu i leith an teagaisc agus na foghlama. Seo a leanas roinnt de na héachtaí a rinne baill foirne:

## Onóir do Mhná san Eolaíocht

Bhí an Dr Frances Lucy agus an Dr Mary Heneghan i measc grúpa ban-acadóirí Éireannacha ar léiríodh ómós dóibh ag ócáid speisialta a thionóil Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, in Áras an Uachtaráin. Cheiliúir an ócáid éachtaí agus ról na mban san eolaíocht ar gach leibhéal an oideachais.

## Aitheantas Náisiúnta do Shaineolas Teagaisc

Bhuaigh beirt de léachtóirí ar líne na hInstitiúide, Brian Coll agus an Dr John Donovan Gradam Saineolaí Teagaisc an Fhóraim Náisiúnta don bhliain 2015. Bronnadh na gradaim orthu de bhun na hoibre a rinne siad chun an chéad Ollchúrsa Oscailte Ar Líne (MOOC) a sheachadadh. Is é aidhm an ghradaim, a chomhordaíonn an Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim san Ardoideachas múinteoirí saineolacha a aithint ar eiseamláirí barr feabhais iad ó thaobh an teagaisc de agus a bhfuil eolas tréan acu ar thionchar na foghlama fianaise-bhunaithe. Agus Lean Six Sigma MOOC á sheachadadh acu, chuaigh Brian agus John i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le líon mór rannpháirtithe san oideachas ar líne. Bhí thart ar 2,400 rannpháirtí ó 45 tír ag tabhairt faoin MOOC.

## Corn Sheáin Mhic Mhágnais

Bronntar Corn Sheáin Mhic Mhágnais, a bhunaigh iar-Chathaoirleach na hInstitiúide, Seán McManus, gach bliain mar aitheantas ar chion/éachtaí duine nó grúpa. Sa bhliain 2015/16 bronnadh an Corn ar Mháiréad McCann, léachtóir i Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta. Is aitheantas é an gradam ar chion oibre Mháiréad do Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta ó 1996 i leith.

## Gradam Idirnáisiúnta buaite ag leabhar Marion

Ainmníodh staidéar ceannródaíoch an Dr Marion Dowd dar teideal “The Archaeology of Caves in Ireland” ina Leabhar na Bliana 2016 ag na Current Archaeology Awards i Londain. Bhí sé i measc sé leabhar a cuireadh ar ghearrliosta. Ba é sin an chéad uair a ghnóthaigh leabhar a scríobh seandálaí Éireannach – agus leabhar ar sheandálaíocht na hÉireann – an gradam ardchlú sin.



*C-D: An Dr Frances Lucy, Sabina Higgins, An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn & an Dr Mary Heneghan*



*Buaiteoirí Saineolaí Teagaisc an Dr John Donovan & Brian Coll*



*CBuaiteoir Chorn Sheáin Mhic Mhágnais Máiréad McCann (ar dheis) ag glacadh lena gradam ó Beatrice Flavin.*



*An Dr Marion Dowd*

# Taighde & Nuálaíocht



02

## Ioncam ó Thaighde: €2.1 milliún

*De réir na gCuntas Reachtúil 13/08/2015.

## Taighde ar Chaighdeán Domhanda

Tá IT, Sligeach de shíor i mbun a próifíl taighde a fheabhsú agus a fhorbairt. Sa bhliain 2016, ghnóthaigh dhá phíosa cheannródaíocha taighde aitheantas idirnáisiúnta don Instituúid.

# An Chnámh Bhéir a d'athscríobh Stair na hÉireann

Ach ar thángthas ar fhionnachtainríshuntasach i bpluais i gCo. an Chláir, cuireadh siar dáta an chine dhaonna in Éirinn 2,500 bliain eile. Déanann an fhionnachtain seo seandálaíocht na hÉireann a athscríobh agus cuireann sé caibidil úrnua le coilíniú an chine dhaonna ar an oileán – rud a thugann scéal na hÉireann isteach i ré nua.

Ach a ndearnadh dátú radacarbóin ar chnámh béir dhoinn a ndearnadh búistéireacht uirthi agus a bhí i stóras i mbosca cairtchlár in Ard-Mhúsaem na hÉireann ar feadh um 100 bliain, cruthaíodh go raibh an cine daonna ar oileán na hÉireann um 12,500 bliain ó shin – 2,500 bliain níos túisce ná mar a ceapadh go dtí seo.

Ó na 1970idí i leith, ba í an fhianaise ba shine ar an gcine daonna a bheith ar oileán na hÉireann fianaise a fuarthas i gCill Santail i gCo. Dhoire. 8,000 BC an dáta a cuireadh leis an láithreán sin, arb é sin an tréimhse Mhéisiliteach, rud a thugann le fios go raibh an cine daonna ar an oileán le 10,000 bliain nó mar sin. Ach a ndearnadh anailís nua ar phláitín glúine – nó caipín glúine – béir a fuarthas i gCo. an Chláir sa bhliain 1903 tugadh le fios go raibh an cine daonna in Éirinn i rith na tréimhse Pailéilití um 10,500 BC, is é sin um 12,500 bliain ó shin. Is mór an fhionnachtain í seo do sheandálaithe a chaith na blianta fada ar thóir comharthaí a thabharfadh le fios go raibh an cine daonna ar an oileán ní ba thúisce ná mar a cruthaíodh roimhe sin.

Ba iad an Dr Marion Dowd, seandálaí in IT, Sligeach, agus an Dr Ruth Carden, Comhlach Taighde le hArd-Mhúsaem na hÉireann.

Tharraing an scéal sin aird an domhain mhóir agus na milliúin duine ar fud na cruinne á léamh go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta – idir an Astráil, an tSín, an Áise agus SAM agus réigiúin eile.



*An Chnámh Bhéir a d'athscríobh Stair na hÉireann*





*An tOllamh Suresh C. Pillai*

# Leathadh na dTarbhfhrídí a Rialú

D'fhorbair foireann eolaithe faoi stiúir an Ollaimh Suresh C. Pillai ó IT, Sligeach réiteach nua fadtréimhseach ar fhadhb dhomhanda na dtarbhfhrídí atá frithsheasmhach i gcoinne antaibheathach, fadhb atá ag géarú de shíor. Leis an bhfionnachtain seo is féidir gnáthearraí an tsaoil – idir ghutháin chliste agus lámha dorais — a chosaint ar bhaictéir mharfacha, ina measc MRSA agus E. coli. Ach ar baineadh leas as nanaitheicneolaíocht, thángthas ar réiteach frithmhiocróbach — gníomhaí a mharaíonn miocrorgánaigh nó a chuireann cosc lena bhfás — atá éifeachtach agus praiticiúil agus is féidir a úsáid chun raon earraí an tsaoil a chosaint. Bhí IT, Sligeach, DIT, DCU, Ollscoil Surrey agus Kastus Technologies (Éire) páirteach sa togra comhoibríoch taighde seo. Tháinig an mheitheal ar thuaslagán uiscebhunaithe frithbhaictéarach a bhaineann úsáid as fótachatalú chun bealach coiscthe a chur ar fáil pé acu a chuirtear go díreach ar dhromchlaí míne gloine nó ceirmeacha, nó a bhíonn sé ina chuid de dhearadh an táirge agus den déantúsaíocht ón gcéad lá.

## Ba thréimhse de ghníomhaíocht agus d'fhorbairt shuntasach i dtrí Ionad Taighde Straitéisigh na hInstitiúide í an bhliain 2015/16 freisin:

### 1. PEM (Innealtóireacht agus Monaraíocht Bheachtais)

Dámhadh €358,000 ar IT, Sligeach faoi Scéim Gheata Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann chun Ionad Geata Teicneolaíochta a bhunú san Institiúid i réimse na monaraíochta. Cuireann an dámhachtain píosa ríthábhachtach bonneagair náisiúnta ar fáil don Institiúid chun bonn a chur faoi fhorbairt tacaí agus seirbhísí do lucht tionscail agus gnó sa réigiún. Is geata nua deise é chun gnólachtaí a fhorbairt in earnálacha na hinnealtóireachta beachtais, na monaraíochta agus na n-ábhar. Cuireann an Geata PEM líonra acmhainní ar fáil atá dírithe ar chuideachtaí atá lonnaithe san Iarthuaisceart agus go náisiúnta. Is é is aidhm leis deis a thabhairt do chuideachtaí a ngnó a fhorbairt trí thaighde agus fhorbairt chomhoibríoch agus iad ag líonrú le gnólachtaí eile sa cheantar ag an am céanna.

### 2. CERIS (Centre for Environmental Research Innovation & Sustainability)

Bhí an Centre for Environmental Research, Innovation & Sustainability (CERIS) de chuid na hInstitiúide mar chuid de chuibhreannas a raibh rath air faoi Horizon 2020 Call: ISIB-02-2015 - 'Closing the research and innovation divide: the crucial role of innovation support services and knowledge exchange'. Ba é an Dr James Moran ó CERIS a bhí i gceannas ar ról IT, Sligeach sa togra seo. B'ionann luach iomlán an togra agus €2,236,468 agus b'ionann a luach do IT, Sligeach agus €158,421. Bhí rath ar CERIS freisin i dtairiscint taighde i dtaca le togra Taighde na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2016-2019: 'Prevention, control and eradication of invasive species'. Is comhpháirtíocht í seo le hOllscoil na Banríona Béal Feirste agus Invas Biosecurity. Luach do IT, Sligeach. Luach iomlán €319,9854. Luach do IT, Sligeach €106,585

### 3. CRISP (Centre For Research In The Social Professions)

Leanann CRiSP air ag cothú a chuid oibre i dtreo a bheith ar an ionad taighde ildisciplíneach is ceannródaí in Iarthuaisceart na hÉireann agus taighde á dhéanamh aige ar bheartais agus ar chleachtais shóisialta a théann i gcion ar shaol daoine ó lá go lá. D'fhorbair CRiSP, i gcomhpháirtíocht le daoine gairmiúla sóisialta agus le pobail áitiúla, a mhisean, is é sin cáilíocht na beatha a fheabhsú i measc daoine a bhfuil cónaí orthu sa réigiún. D'fhonn é sin a chur i gcrích, baineann CRiSP úsáid as eolas, scileanna agus saineolas daoine áitiúla, taighdeoirí ó IT, Sligeach, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla (eg: comhpháirtithe acadúla ó Cheanada, ó Mheiriceá Thuaidh agus ón Eoraip; rialtas áitiúil agus náisiúnta; gníomhaireachtaí reachtúla, príobháideacha agus na hearnála deonaí.

## An tAonad um Thaighde ar Conradh

Bunaigh an Institiúid Aonad um Thaighde ar Conradh (CRU) mar fhócas do thaighde agus do rannpháirtíocht nuálaíochta le SMEanna. Roimhe sin rinneadh samhail nua rannpháirtíochta SMEanna a dhearadh agus a fhaomhadh i dtogra CREST arna mhaoiniú ag INTERREG IVA. Cuireann CRU tacaíocht shainiúil teagmhála Taighde agus Nuálaíochta ar fáil d'fhiontair, do phobail agus do dhaoine aonair sa réigiún. Cuirtear comhairle i dtaca le tionscnaimh mhaoiniúcháin ar fáil do SMEanna mar aon le cúnamh le hiarratais ar mhaoiniú agus déantar scileanna teicniúla a sholáthar/a fhoinsiú ionas gur féidir le SMEanna a dtograí a fhorbairt.

## Grúpaí Taighde Aitheanta Nua

Bhunaigh an Institiúid cúig Ghrúpa nua Taighde Aitheanta (RRG) in 2016.

Is é is cuspóir leis na RRGanna fócas a thabhairt do thaighde disciplíneach/ildisciplíneach san Institiúid, taighde nach bhfuil faoi choimirce Ionaid Taighde Straitéisigh (SRCanna) na hInstitiúide faoi láthair d'fhonn mais chriticiúil a chruthú arb é an toradh a bheidh air: rannpháirtíocht níos mó na foirne sa taighde; méadú ar líon na mac léinn taighde; méadú ar líon na n-iarratas rathúil ar mhaoiniú; agus méadú ar líon na bhfoilseachán piar-athbhreithnithe.

## Is iad na Grúpaí nua Taighde Aitheanta:

- An Grúpa um Thaighde Nanaitheicneolaíochta agus Bithinnealtóireachta (Nano-Bio): An tOll. Suresh Pillai, an Dr Ailish Breen, an Dr Sarah Hehir, an Dr Uma Tiwari, an Dr Yvonne Lang, an Dr Eileen Armstrong
- An Grúpa um Thaighde Inaistritheachta: An Dr James Hanrahan, Louis McManus, Mary McGuckin
- An Grúpa um Thaighde Mionsamhlaithe Matamaiticiúla: An Dr Akinlolu Akande, an Dr Leo Creedon, an Dr John Donovan agus an Dr Marion McAfee
- An Grúpa um Thaighde Sláinte Cliniciúla agus Cothúcháin (CHANCE): An Dr Kenneth Monaghan, an Dr Gemma McMonagle, Maire McCallion
- An Grúpa um Thaighde Sláinte agus Tocsaineolaíochta Ceallaí (CHAT): An Dr James Murphy, an Dr Mary Garvey, an Dr Thomas Smyth

# A bhfuil romhainn amach

Is í an Fhiontraíocht éirim bheatha an gheilleagair agus tá sí i gcroílár Ionad dinimiciúil Nuálaíochta IT, Sligeach. Le 28 mbliana anuas, tá an tIonad ar thús cadhnaíochta sa réigiún agus é ina shlat tomhais barr feabhais, ionad a chothaíonn an Instiitiúid agus a dtacaíonn sí leis. Leagann IT, Sligeach béim ollmhór ar an bhfiontraíocht agus tá ról nach beag aici i bhforbairt na fiontraíochta sa réigiún. De bhun a gcuid tuairimí, scileanna agus saineolais thionsclaíoch, cruthaíonn cuideachtaí an Ionaid Nuálaíochta fostaíocht agus cuireann siad eiseamláir ar fáil do chuideachtaí eile.

Tá 30 gnólacht lonnaithe in Ionad Nuálaíochta IT, Sligeach faoi láthair agus iad ag céimeanna difriúla a bhforbartha agus tá breis is 82 duine fostaithe acu eatarthu agus gineann siad díolacháin bhliantúla de bhreis is €3m. Tá forbairt, inbhuanaitheacht agus rath SMEanna ríthábhachtach i gceantair réigiúnacha. Ní mór dúinn acmhainn a bheith againn ár gcuid cuideachtaí a fhás agus a chothú agus iad a scálú.

Ar na héachtaí a baineadh amach sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, bhí:

## Gníomhaíocht nach beag i Liatroim

Leathnaigh IT, Sligeach a bonneagar agus a hoibríochtaí campais isteach i gContae Liatroma in 2016 nuair a osclaíodh go hoifigiúil áislann nua shainiúil sa Hive, Ionad Fiontraíochta Teicneolaíochta Liatroma i gCora Droma Rúisc. Is comhoibriú é an t-áitreabh nua in Oifig Fiontraíochta Liatroma (LEO), agus cuidíonn sé le teagmháil na hInstitiúide sa réigiún, rud a chuireann ar a cumas an bhunáit nua a úsáid dá cuid gníomhaíochtaí nuálaíochta, ar líne agus taighde ar conradh.



*Oscailt oifigiúil Áislann nua teagmhála IT, Sligeach sa Hive i gCo. Liatroma*

## Startup Gathering

Ba é an tIonad Nuálaíochta in IT, Sligeach príomhthacaí do thrí ócáid líonraithe réigiúnacha a reáchtála d'fhiontraithe dinimiciúla ó Shligeach, ó Liatroim agus ó Dhún na nGall. Tionóladh san Iarthuaisceart iad mar chuid de Startup Gathering 2015. Ba é a bhí ann sraith imeachtaí seachtaine i mí Dheireadh Fómhair 2015 arbh é ab aidhm léi ardán a chur ar fáil chun tacú le fiontraithe agus le rath gnó agus chun iad a cheiliúradh.




*ORRECO & IBM*

## ORRECO & IBM

D'fhógair an gnólacht élite spóirt Éireannach ORRECO, a bhfuil a oifig Shligigh aige san Ionad Nuálaíochta i mí Mheán Fómhair 2015 go raibh sé le dul i mbun comhpháirtíochta le IBM i ndáil lena ollríomhaire Watson, arbh fhiú na milliúin dollar é, chun aip a chur le chéile a chuideodh le foirne spóirt cinntí a dhéanamh i dtaca le traenáil agus cóireáil do lúthchleasaithe scothfheabhais ionas gur féidir leo gortú a sheachaint agus an leas is fearr a bhaint as a gcuid feidhmíochta. D'fhorbair an chuideachta, a chomhbhunaigh an Dr Brian Moore (atá sa ghrianghraf), bith-anailísíocht a dhéanann anailís ar fhuil agus ar shonraí eile feidhmíochta i gcolainn lúthchleasaí scothfheabhais. Ar na cliaint bhí an club sacair Newcastle United agus na galfairí Padraig Harrington agus Graeme McDowell.



*Straitéis Réigiúnach Post don Iarthuaisceart*

## Straitéis Réigiúnach Post don Iarthuaisceart

Tá cáil IT, Sligeach mar mhol réigiúnach don fhiontraíocht agus don nuálaíocht ag méadú de shíor agus b'oiriúnach an t-ionad é dá bhrí sin chun Plean Gnímh an Rialtais um Poist san Oirthuaisceart/Iarthuaisceart a sheoladh i mí na Samhna 2016. D'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D., an straitéis réigiúnach post, arb é is aidhm leis fás 10-15% a chur ar chúrsaí fostaíochta sa réigiún sna blianta beaga atá romhainn amach. Is ionann é sin agus sprioc de 28,000 post breise sa réigiún faoi 2020. Ar na hearnálacha tábhachtacha a ndírítear orthu sa phlean sin tá earnálacha atá láidir go traidisiúnta sa réigiún, cuir i gcás monaraíocht/innealtóireacht, agrai-bhia agus turasóireacht mar aon le réimsí spriocdhírithe d'fhás amach anseo cuir i gcás íocaíochtaí digiteacha, teicneolaíocht ghlan agus seirbhísí cruthaitheacha.

## Fóram Scileanna Réigiúnach

Bhí ról tábhachtach ag an Institiúid i mbunú Fhóram Scileanna Réigiúnach an Iarthuaiscirt in 2015, mar chuid de Straitéis Scileanna Náisiúnta an Rialtais. Cuireann an Fóram deis ar fáil d'fhostóirí agus don chóras oideachais agus oiliúna oibriú le chéile chun freastal ar riachtanais scileanna nua-éiritheacha an réigiúin. Tá sé d'aidhm aige a bheith ina phointe teagmhála d'fhostóirí an réigiúin d'fhonn cuidiú leo nascadh le raon seirbhísí agus tacaí atá ar fáil ar fud an chórais oideachais agus oiliúna.

## Clár New Frontiers d'Fhiontraithe

D'aontaigh an tIonad Nuálaíochta in IT, Sligeach, i gcomhpháirtíocht le CoLab in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT), ar chonradh cúig bliana i mí Iúil le Fiontraíocht Éireann chun leanúint ar aghaidh le cur i ngníomh an chláir forbartha fiontraithe náisiúnta, New Frontiers. Is é seo an clár is déanaí dá leithéid a sheachadfar san Iarthuaisceart, agus tugann sé na scileanna cuí do ghnólachtaí nuathionscanta chun cuideachta inbhuanaithe a bhunú agus a rith go rathúil.

# Rannpháirteachas agus Teagmháil Sheachtrach



03

Tá rannpháirteachas gníomhach leis an domhan atá lasmuigh de bhallaí an champais ríthábhachtach don rath a bhíonn ar institiúid ardoideachais na linne seo. Forbraíonn agus cothaíonn IT, Sligeach rannpháirteachas den chineál sin le daoine aonair, le pobail, le gnólachtaí, le heagraíochtaí neamhrialtais agus leis an earnáil phoiblí, idir in Éirinn agus thar lear.

Tacaíonn rannpháirteachas den chineál sin le teagasc agus foghlaim ábhartha agus nua-aimseartha a fhorbairt agus cuidíonn sé le forbairt chultúrtha agus gheilleagrach Shligigh, réigiún an Iarthuaiscirt agus cuireann sé le hinfhostaitheacht agus le deiseanna na gcéimithe. Cuidíonn sé leis an Institiúid a chur chun cinn mar rogha ionaid staidéir, oibre agus rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí spóirt, áineasa agus oideachais.

## Comharsana Coláiste i mbun Comhoibriú Oideachais

Bhunaigh an Institiúid comhpháirtíocht nua le Coláiste Breisoideachais Shligigh, arb é is aidhm leis cur le deiseanna tríú leibhéal do mhic léinn ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) i réigiún an Iarthuaiscirt. Is é cuspóir an chomhoibrithe seo conairí a shonrú agus a mhapáil ó chláir Bhreisoideachais (FE) de chuid Bhord Oideachais Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (MSLETB) go cláir IT, Sligeach. Is mian leis an gcéad chomhpháirtíocht le Coláiste Breisoideachais Shligigh idirghníomhaíocht a chothú idir meithleacha cláir in IT, Sligeach agus cláir shonracha PLC agus is furasta é sin a dhéanamh de bharr a ghaireacht atá na coláistí dá chéile i gceantar Bhéal Átha an Fhóid i Sligeach.



*Baill foirne Choláiste Breisoideachais Shligigh agus IT, Sligeach*

***'Sligo Sings'***
***(Príomh-ghrianghraf ar chlé) – Cór IT, Sligeach, idir bhaill foirne agus mhic léinn a ghlac páirt sa chéad cheolchoirm 'Sligo Sings' i mí na Samhna 2015. Ba é an Hawk's Well Theatre a cheap an togra 'Sligo Sings' agus tugadh le chéile cóir ó shé cinn de na heagraíochtaí agus ionaid oibre is mó i Sligeach. Ghnóthaigh comhoibriú na hInstitiúide le Hawk's Well dhá ainmniúchán náisiúnta do na gradaim Business to Arts 2016 sna catagóirí 'Best Use of Creativity in the Community' agus 'Best Creative Staff Engagement'.***

## Engineering Expo

Cuireadh éagsúlacht agus raon na ndeiseanna gairme san innealtóireacht i láthair ag ócáid nua idirghníomhach do mhic léinn agus do lucht cuardaithe poist in Airéine Chnoc na Riabh na hInstitiúide i mí na Bealtaine 2016. Ba chomhoibriú é an Engineering Expo le lucht tionscail áitiúil a thug le chéile cleachtóirí innealtóireachta ceannródaíocha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar aon le saineolas oiliúna san earnáil, agus scoileanna ó ar fud réigiún an Iarthuaiscirt. Mheall an ócáid na céadta mac léinn, tuismitheoir agus cuardaitheoir poist ar spéis leo eolas a fháil ar an raon mór post atá le fáil san innealtóireacht mar aon leis na scileanna atá de dhíth chun iad a fháil. A bhuí leis an tacaíocht nach beag a fuarthas ó lucht tionscail áitiúil, ócáid bhliantúil a bheidh san Engineering Expo gan aon agó.



*Engineering Expo 2016*

## Halla Éisteachta Nua

Cuireadh tús i mí Aibreáin 2016 le spás comhdhála agus léachtaí 280 suíochán a thógáil i gceartlár champas IT, Sligeach agus tugadh chun críche i mí Lúnasa 2016 é. Cuireann an áislann nua atá suite i bpríomhfhoirgneamh IT, Sligeach go mór le cumas na hInstitiúide freastal ar riachtanais na mac léinn agus na foirne mar aon le riachtanais an phobail agus ghnólachtaí an réigiúin. Rhatigan Architects (Sligeach) a dhear an halla éisteachta agus ba é Boyle Construction (Dún na nGall) a thóg é de réir ardsonraíochta leis na córais is déanaí closamhairc agus críochnaíodh an togra in am agus de réir buiséid (€1.5 milliún).



*Halla Éisteachta Nua*



*Lá an Fhorógra*



*Sligo Through The Decades*




*Macalla*



*(C-D) An Dr Jeremy Bird (Ceann Scoil na hEolaíochta), an tOllamh Jocelyn Bell Burnell & an tOllamh Vincent Cunnane (An tUachtarán) ag Seachtain na hEolaíochta 2015*

# Comóradh ar 1916

Mar chuid den chlár comórtha Éire 2016, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna am ar fáil do scoileanna, do choláistí agus d'institiúidí tríú leibhéal ar fud na tíre chun imeachtaí 1916 a chomóradh agus a thabhairt chun cuimhne. Bhain idir amharclannaíocht, cheol, amhránaíocht agus phlé acadúil leis an gclár nach beag imeachtaí poiblí saor in aisce a bhí ar siúl in IT, Sligeach an 15 Márta 2016, cothrom céad bliain ó lá an Fhorógra.

Chuir Leabharlann Yeats in IT, Sligeach agus mic léinn Idirbhliana ó ar fud Chontae Shligigh sraith imeachtaí áitiúla agus scéalta ó 1916 - 2016 ar siúl mar thogra taighde uathúil staire áitiúla. Bhí go leor scoileanna dara leibhéal i Sligeach - St Attracta's, Tobar an Choire, Iarbhunscoil Chúil Dheá, Baile idir Dhá Abhainn, St Mary's Baile Easa Dara, Mercy College, Sligo Grammar, Coláiste Chnoc an tSamhraidh agus Coláiste na nUrsalach – páirteach i dtograí 'Sligo Through The Decades'. Cuireadh an saothar críochnaithe i láthair i dtaispeántas taistil a thug cuairt ar na scoileanna i rith 2016.

Tionóladh ceann de mhór-imeachtaí comórtha 1916 i réigiún an Iarthuaiscirt in Airéine Chnoc na Riabh san Institiúid, ba é sin ceolchoirm Macalla 1916, a raibh halla lán 1,200 duine i láthair. Cumadóireacht nua cheoil a scríobh Michael Rooney as Sligeach do Cheolfhoireann Náisiúnta Cheoil Tíre Chomhaltais ba ea Macalla 1916. Bhí breis is 60 duine de na ceoltóirí ceoil chlasaicigh agus thraidisiúnta is fearr sa tír páirteach sa cheolfhoireann.

# Seachtain na hEolaíochta ag faire na réaltaí

Bhí an t-astraifisiceoir iomráiteach, an tOllamh Jocelyn Bell Burnell, a chuidigh leis an domhan a thuiscint ar an gcruinniú a ghéarú, i measc na n-aoi-léachtóirí a thug caint i rith Sheachtain na hEolaíochta 2015 in IT, Sligeach. Is ceiliúradh bliantúil í Seachtain na hEolaíochta a chuireann sraith spéisiúil imeachtaí poiblí saor in aisce ar siúl gach Samhain. Thug an tOllamh Bell Burnell, a d'aimsigh pulsáir agus í i mbun PhD in Ollscoil Cambridge ag deireadh na 1960idí, cuairt freisin ar scoileanna dara leibhéal i Sligeach mar chuid de chuairt a chomhordaigh Scoil Eolaíochta na hInstitiúide. Bhí sé sin ar cheann de bhuaicphointí Sheachtain na hEolaíochta; ar na buaicphointí eile bhí Aonach bliantúil Eolaíochta, a reáchtáladh an chéad Domhnach den fhéile agus a raibh an-tóir air arís agus na céadta teaghlach agus cuairteoir óg i láthair.

## Féile Rac-cheoil agus Indie Sligo Live

Ba iad Jools Holland agus a Cheolfhoireann Rhythm & Blues aíonna speisialta na Féile Rac-cheoil agus Indie Sligo Live a reáchtáladh in Airéine Chnoc na Riabh in IT, Sligeach i mí Dheireadh Fómhair 2015. Tionólann an Institiúid Sligo Live gach bliain agus is léiriú arís eile é ar an raon mór imeachtaí áineasa agus siamsaíochta pobail a chuirtear ar siúl ar an gcampas.

## The Appliance Of Science

Chuir an Dr Sarah Hehir, léachtóir i Scoil na hEolaíochta, sraith raidió 14 chlár dar teideal 'The Appliance of Science' i láthair i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú. Comhoibriú le Ocean FM a bhí sa togra sin, arbh é ab aidhm leis bunphrionsabail na heolaíochta a mhúineadh ar bhealach a mbeadh teacht ag cách air. Rinneadh an tsraith a ghearrliostú do ghradam ríomh-Rialtais in 2016.

## Aip Aoife ag cuidiú le Tiománaithe Tromshúileacha Teacht Slán

Ghnóthaigh an togra arbh é ab aidhm leis cuidiú le tiománaithe tromshúileacha a bheith slán ar na bóithre, an príomhghradam ag SciFest 2016 a reáchtáladh in IT, Sligeach. Is ceiliúradh bliantúil ar an eolaíocht é SciFest do mhic léinn dara leibhéal ar fud na tíre agus tá sé á reáchtáil ó 2008 i leith. Tugann sé na céadta mac léinn ó scoileanna i gcontaetha ar fud an réigiúin isteach ar an gcampas gach bliain. Mac léinn sa chúigiú bliain i gColáiste na nUrsalach i Sligeach, Aoife Kearins, a ghnóthaigh an gradam don bhliain 2016. Chuir sí aip le chéile dar teideal "Drowsy Eye Opener – helping drowsy drivers stay safe." Is feiste é an aip a chaitheann an duine agus a thomhaiseann teocht an choirp agus a thugann foláireamh do thiománaithe i dtaca le traochadh.

## 'Liminal Spaces, Art, Architecture & Place'

Reáchtáladh taispeántas uaillmhianach, a d'athshamhlaigh acmhainneacht Iarthuaisceart na hÉireann tríd an ealaín agus an ailtireacht sa Model i Sligeach i bhFómhar na bliana 2015. Rinneadh 'Liminal Spaces, Art, Architecture and Place' a cheapadh agus a fhorbairt i gcomhar leis an bhfoireann Dearaidh Ailtireachta in IT, Sligeach. Ba é túsphointe an taispeántais an áit agus an dán 'The Lake Isle of Innisfree' le W.B Yeats. Tugadh le chéile saothar nua-choimisiúnaithe de chuid seisear ealaíontóirí iomráiteacha Éireannacha agus idirnáisiúnta in éineacht le rogha iontrálacha ó Chomórtas Ailtireachta Idirnáisiúnta Yeats 2015 a cheap foireann an chláir sa Dearadh Ailtireachta san Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, Clíona Brady, Bernadette Donohoe agus Michael Roulston, i gcomhpháirtíocht leis an Model Sligo, Yeats 2015, Hazelwood Demesne Ltd agus Comhairle Contae Shligigh. Mheall an comórtas spéis mhór go hidirnáisiúnta agus fuarthas breis is 400 fiosrú i dtaca le clárú as 33 contae agus fuarthas 110 iontráil don phríomhghradam.



*Ba iad Jools Holland agus a Cheolfhoireann Rhythm & Blues aíonna speisialta na Féile Rac-cheoil agus Indie Sligo Live a reáchtáladh in Airéine Chnoc na Riabh in IT, Sligeach i mí Dheireadh Fómhair 2015.*



*Thriall daoine ina ndronga ar Aonach Eolaíochta bliantúil na hInstitiúide in 2015*



*Buaiteoir SciFest 2016 Aoife Kearins*



*'Liminal Spaces, Art, Architecture & Place'*

# I dTreo Ollscoil Teicneolaíochta



04

## I mí Dheireadh Fómhair 2015, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan T.D., cead do IT, Sligeach agus dá cuid comhpháirtithe straitéiseacha i gComhghuaillíocht Chonnacht-Uladh (CUA), GMIT agus IT Leitir Ceanainn, tabhairt faoin gcéad chéim eile (Céim 2) den phróiseas a bhaineann le hOllscoil Teicneolaíochta (TU) a bhunú d'Iarthar/Iarthuaisceart na hÉireann.

Tá na critéir a bhaineann le stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach, an obair níos dlúithe atá ar siúl le fostóirí d'fhonn a chinntiú go gcuirtear céimithe ar fáil ag a bhfuil na scileanna a éilítear san ionad oibre nua-aimseartha; a bheith níos gníomhaí i dtaca le taighde feidhmeach agus nuálaíocht a théann i gcion níos mó ar an réigiún agus ar áiteanna lasmuigh de; agus rannpháirteachas le gach geallsealbhóir sa réigiún chun an leas is fearr is féidir a bhaint as forbairt an réigiúin ag teacht le misean na hInstitiúide ó uair a bunaithe. Dá bhrí sin, is dual dúinn stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach.

Cé go bhfuil éiginnteacht áirithe ag baint leis an bpróiseas reachtaíochta reatha um Ollscoileanna Teicneolaíochta a bhunú, táimid meáite ar na critéir a leagadh amach a chomhlíonadh, rud a rachaidh chun sochair do IT, Sligeach pé scéal é agus a fhágfaidh gur fearr an seans a bheidh ag IT, Sligeach stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach, cibé comhthéacs reachtach a thiocfaidh chun cinn.


Ach a mbainfear amach na critéir a bhaineann le stádas Ollscoile Teicneolaíochta rachaidh sé i bhfeidhm go mór ar an Institiúid agus ar na mic léinn, agus cuirfear dlús faoi fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach an réigiúin. Beidh an scála ag an TU a chuirfidh ar a cumas cur leis na tairiscintí do mhic léinn sa réigiún, rud a chuirfidh cosc le sruth sin an 45% de mhic léinn a shuíonn an Ardteistiméireacht i réigiún Chonnacht-Uladh agus a fhágann an réigiún chun tabhairt faoin ardoideachas. Beidh mais chriticiúil agus saineolas ag an TU a chuirfidh ar a cumas ionaid taighde ag a mbeidh aitheantas idirnáisiúnta a bhunú do réimsí straitéiseacha roghnaithe. Cuirfear deiseanna níos fearr ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn, agus cuirfear le scóip tháite na n-institiúidí rannpháirteacha a fhágfaidh go mbeidh ar a gcumas dul i bpáirt níos dlúithe le lucht tionscail agus leis an réigiún, rud a chuirfidh dlús faoin taighde agus faoin bhfiontraíocht. Cuirfidh an TU tacaíocht níos fearr ar fáil d'fhiontraithe a bhunaíonn gnólachtaí nua, do SMEanna an cheantair agus cuideoidh sé le hinfheistíocht choigríche a mhealladh.

Ach a n-athainmneofar inár nOllscoil Teicneolaíochta, bainfear cloch mhíle amach i dtaca le soláthar an ardoideachais i Sligeach agus san Iarthuaisceart. Cuirfear dlús faoi gheilleagar an réigiúin, cuirfear le mealltacht an réigiúin i measc infheisteoirí isteach agus cuirfear céimithe ardsciliúla ar fáil don réigiún agus coinneofar sa réigiún iad.



**Ón taobh clé:**
Paul Hannigan (An tUachtarán, LYIT), An tOll. Vincent Cunnane (An tUachtarán, IT, Sligeach) & An Dr Fergal Barry (An tUachtarán, GMIT)

# An Bord Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil



05

# An Bord Rialaithe 2015 go dtí anois

Tháinig Bord Rialaithe IT, Sligeach le chéile seacht n-uaire i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

## An Cathaoirleach

**An tUas. Ray MacSharry***

## An tUachtarán

**An tOllamh Vincent Cunnane**

## Alt 4 (1) (a) agus (b)

**An Clr Margaret Gormley** (MSLETB)
**An tUas. David McGuinness** (MSLETB)
**An Clr Tereasa McGuire** (MSLETB)
**An Clr Joe Queenan** (MSLETB)
**An tUas. Geoffrey Browne** (DETB)

## Alt 4 (1) (c)

**An Dr Michael Barrett** (An Fhoireann Acadúil)
**Angela Bartlett, Uasal** (An Fhoireann Acadúil)

## Alt 4 (1) (d)

**Veronica Cawley, Uasal** (An Fhoireann Neamh-Acadúil)

## Alt 4 (1) (d)

**An tUas. Cillín Folan** (Mac léinn)
**Emma Sullivan, Uasal** (Mac léinn)

## Alt 4 (1) (f)

**Ms Mary Dolan McLoughlin, Uasal** (ICTU)

## Alt 4 (1) (g)

**An tUas. Conor Murphy** (American Chamber of Commerce)
**An tUas. Paraic Casey** (HSE – Iarthuaisceart)
**An tUas. Felim McNeela** (Cumann Lucht Tráchtála Shligigh)
**Helen Boyce, Uasal** (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)
**An tUas. Philip Delamere** (An Chomhairle Ealaíon)

## Rúnaí an Bhoird Rialaithe

**Elizabeth McCabe, Uasal** (Rúnaí/Rialtóir Airgeadais)

*D'éirigh as oifig i mí Feabhra 2016.

## Comhairleoirí

**An tUas. Colin McLea** (An Cláraitheoir)
**An Dr Jeremy Bird (**Ceann Scoil na hEolaíochta)
**An Dr Perry Share** (Ceann Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta)
**An tUas. Shane Fanning** (Ceann Scoil na hInnealtóireachta agus an Dearaidh)
**An tUas. Tom Reilly** (Ceann na Straitéise agus na Pleanálag)



## Ray MacSharry

D'éirigh Ray MacSharry as a phost mar Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe i mí Feabhra 2016. Bhí baint ag Ray leis an Institiúid ar feadh a shaoil. Ba é an Cathaoirleach é ar an gcéad Bhord Bainistíochta i gCeardcholáiste Réigiúnach Shligigh nuair a céadbunaíodh i 1969 é. Bhí sé anseo nuair a thug an coláiste na chéad mhic léin isteach i mí Mheán Fómhair na bliana 1970, agus ba é Cathaoirleach an choláiste é sna chéad ocht mbliana tar éis a bunaithe nó gur ceapadh ina Aire Stáit sa bhliain 1978 é. Thacaigh Ray le IT, Sligeach ó shin i leith agus chaith sé an dara téarma ina Chathaoirleach ar an mBord Rialaithe idir 2010 agus 2016. D'fhonn aitheantas a thabhairt don chion a rinne sé d'fhorbairt na hInstitiúide bronnadh tabhartas air i mí Mheán Fómhair 2016. Gabhann IT, Sligeach buíochas le Ray as a dhíograis agus as a chreideamh gan chliseadh i rith na mblianta i gcumas agus in acmhainneacht na hInstitiúide.



## Cathaoirleach Nua ar an mBord Rialaithe

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna an tUasal Niall O'Donnellan ina Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe na hInstitiúide Teicneolaíochta, Sligeach le héifeacht ón 30 Lúnasa 2016.

Tréimhse cúig bliana a bheidh sa cheapachán seo. Bhí an tUas. O'Donnellan ar fhoireann cheannais Fhiontraíocht Éireann le deich mbliana anuas. Tráth a cheaptha, bhí sé ina Cheann Straitéise, Daoine agus Réigiún le Fiontraíocht Éireann. Ar an taithí bhoird a bhí aige roimhe seo tá comhaltacht d'Údarás OÉG ar feadh na tréimhse 2014-16, agus sa ról sin dó bhí sé ina chathaoirleach ar an bhFochoiste um Pleanáil Acadúil agus Acmhainní.

# Baill na Comhairle Acadúla 2015-2016

An tOllamh Vincent Cunnane
An tUas. Colin McLean
An Dr Michael Barrett
Angela Bartlett, Uasal
An Dr John Bartlett
An tUas. Aidan Bell
An Dr Jeremy Bird
An Dr James Brennan
Aodhmar Cadogan, Uasal
An tUas. Pat Carter
An Dr Tasmin Cavaliero
An tUas. Noel Connaughton
Áine Doherty, Uasal
Stephanie Donegan, Uasal
Anne-Marie Duddy, Uasal
An tUas. Shane Fanning
An tUas. Declan Feeney
An Dr Billy Fitzgerald
An tUas. Cillín Folan
An tUas. Jim Foran
An tUas. Roddy Gaynor
Eileen Gillen, Uasal
An tUas. Martin Haverty
Ann Higgins, Uasal
An Dr Oliver Joyce
An tUas. John Kelleher
Una L'estrange, Uasal
An Dr Frances Lucy
An Dr Brian McCann
Mairead McCann, Uasal
An Dr Catherine McGuinn
An tUas. Trevor McSharry
An Dr Breda McTaggart
An Dr Carol Moran
An tUas. Noel Moran
An tUas. Emmet O'Doherty
An Dr Tomás O'Flaherty
Úna Parsons, Uasal
An Dr John Pender
An tUas. Tom Reilly
An Dr Perry Share
An Dr David Tormey
An Dr Rhona Trench

# IT, Sligeach - Bainistíocht Feidhmiúcháin

**An tOllamh Vincent Cunnane**
An tUachtarán

**Elizabeth McCabe, Uasal**
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais

**An tUas. Colin McLean**
An Cláraitheoir


**An Dr Jeremy Bird**
Ceann Scoil na hEolaíochta

**An Dr Perry Share**
Ceann Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta

**An tUas. Shane Fanning**
Ceann Scoil na hInnealtóireachta agus an Dearaidh

**An tUas. Tom Reilly**
Ceann na Straitéise agus na Pleanála


# IT, Sligeach
# Cairt na hEagraíochta




Amhail an 31 Lúnasa 2016.

# Cuntais

06



# Tuarascáil Airgeadais

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2015 a iniúchadh agus a fhaomhadh gan leasú an 28/09/2016.

Is féidir Cuntais Reachtúla IT, Sligeach do 2014/15 ina n-iomláine a fheiceáil ar www.itsligo.ie/publications.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar chríoch 31/08/2015

| | Nóta | 2015 | 2014 athluaite |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **€'000** | **€'000** |
| Deontas Stáit | 1 | 17,948 | 17,494 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 18,727 | 18,626 |
| Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha | 17 | 2,895 | 2,813 |
| Conarthaí agus Deontais Taighde | 3 | 2,098 | 2,739 |
| Ioncam aitheanta Maoinithe Tacaíochta Mac Léinn | 4 | 220 | 284 |
| Ioncam Eile | 5 | 2,658 | 2,612 |
| Ioncam ó Ús | | 163 | 433 |
| | | 44,704 | 45,001 |
| **Caiteachas** | | | |
| Ranna Acadúla | 6 | 23,486 | 23,033 |
| Seirbhísí Acadúla | 7 | 2,025 | 1,990 |
| Costais Áiseanna | 8 | 3,077 | 3,013 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí | 9 | 5,671 | 5,072 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 951 | 947 |
| Seirbhísí na Mac Léinn | 11 | 1,663 | 1,651 |
| Conarthaí agus Deontais Taighde | 3 | 2,331 | 2,006 |
| Ioncam feidhmithe Maoinithe Tacaíochta Mac Léinn | 4 | 220 | 284 |
| Eile | | 372 | 257 |
| Dímheas | 14 | 2,901 | 2,820 |
| | | 42,697 | 41,073 |
| | | | |
| **Barrachas Oibriúcháin** | | 2,007 | 3,928 |
| **Aistriú chuig an gCúlchiste Forbartha Caipitil** | | (7,500) | (1,515) |
| **Barrachas Carntha amhail an 1 Meán Fómhair** | | 14,278 | 11,865 |
| **Barrachas Carntha amhail an 31 Lúnasa** | | **8,785** | **14,278** |

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais ann seachas na cinn sin a dtugtar aitheantas dóibh thuas.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27.

Sínithe thar ceann Údarás na hInstitiúide:

**An Cathaoirleach:** Niall O'Donnellan **An tUachtarán:** Brendan McCormack **Dáta:** 7 Nollaig 2016

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite don bhliain dar chríoch 31/08/2015

| | Nóta | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | **€'000** | **€'000** |
| | 14 | 76,115 | 76,057 |
| | | 76,115 | 76,057 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 15 | 1,329 | 2,021 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 21,556 | 21,107 |
| | | 22,885 | 23,128 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus Costais Fhabhraithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 16 | 5,401 | 5,840 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | |
| | | 17,484 | 17,288 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| | | **93,599** | **93,345** |
| **Arna léiriú le** | | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 17 | 76,076 | 76,019 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 8,785 | 14,278 |
| Cúlchiste Forbartha Caipitil | 20 | 8,738 | 3,048 |
| | | **93,599** | **93,345** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27.

Sínithe thar ceann Údarás na hInstitiúide:

**An Cathaoirleach:** Niall O'Donnellan **An tUachtarán:** Brendan McCormack **Dáta:** 7 Nollaig 2016

# Clár Comhardaithe na hInstitiúide don bhliain dar chríoch 31/08/2015

| | Nóta | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | **€'000** | **€'000** |
| | 14 | 76,076 | 76,019 |
| | | 76,076 | 76,019 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 15 | 1,669 | 2,125 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 21,027 | 20,643 |
| | | 22,696 | 22,768 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus Costais Fhabhraithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 16 | 5,335 | 5,715 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | |
| | | 17,361 | 17,053 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| | | **93,437** | **93,072** |
| **Arna léiriú le** | | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 17 | 76,076 | 76,019 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 8,623 | 14,005 |
| Cúlchiste Forbartha Caipitil | 20 | 8,738 | 3,048 |
| | | **93,437** | **93,072** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27.

Sínithe thar ceann Údarás na hInstitiúide:

**An Cathaoirleach:** Niall O'Donnellan **An tUachtarán:** Brendan McCormack **Dáta:** 7 Nollaig 2016

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31/08/2015

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Réiteach an Easnaimh Oibríochta leis an nGlan-insreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **€'000** | **€'000** |
| Barrachas Oibriúcháin | 2,007 | 3,928 |
| Ioncam ó Ús | (163) | (433) |
| (Brabús)/Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta | - | - |
| Dímheas | 2,901 | 2,820 |
| Amúchadh de réir Dímheas Sócmhainne | (2,895) | (2,813) |
| Laghdú/(Méadú) ar na Féichiúnaithe | 649 | (258) |
| (Laghdú) ar Chreidiúnaithe | (386) | (733) |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 2,113 | 2,511 |
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 2,113 | 2,511 |
| Ús Faighte | 206 | 487 |
| **Caiteachas Caipitil** | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | (3,012) | (9,678) |
| Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | - | - |
| *Glan-eis-sreabhadh do Chaiteachas Caipitil* | (3,012) | (9,678) |
| **Maoiniú** | | |
| Deontais Stáit Chaipitil a caitheadh ar Shócmhainní Seasta | (72) | - |
| Deontais Athfhillteacha Stáit Chaipitil a caitheadh ar Shócmhainní Seasta | 1,063 | 876 |
| Cistí eile a caitheadh ar Shócmhainní Seasta | 151 | 194 |
| *Glan-insreabhadh airgid ó Airgeadú* | 1,142 | 1,070 |
| **Méadú / (Laghdú) ar Airgead Tirim** | **449** | **(5,610)** |
| **Glansreabhadh airgid a réiteach le Gluaiseachtaí sna Glanchistí** | | |
| **Méadú / (Laghdú) ar Airgead Tirim** | 449 | (5,610) |
| Glanchistí Tosaigh | 21,107 | 26,717 |
| Glanchistí amhail an 31 Lúnasa | **21,556** | **21,107** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27.

Sínithe thar ceann Údarás na hInstitiúide:

**An Cathaoirleach:** Niall O'Donnellan **An tUachtarán:** Brendan McCormack **Dáta:** 7 Nollaig 2016

# Buíochas

Is mór ag an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach tacaíocht na foirne, na mac léinn agus na bpáirtithe leasmhara agus an Tuarascáil Bhliantúil seo á cur le chéile. Glactar buíochas freisin leis na grianghrafadóirí James Connolly, Ciaran McHugh, Seán Mullery, Tadhg Conway agus Maxwell Photography as a gcuid grianghraf. Níl sa cháipéis seo ach léiriú ar an dul chun cinn a rinne an Institiúid i rith na tréimhse 1 Meán Fómhair 2015 go 31 Lúnasa 2016.

## Is mór ag IT, Sligeach an tacaíocht agus an maoiniú a fuarthas ó:

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY

**IT, Sligeach**
**Lána Na Fuinseoige, Sligeach, Éire**

**T:** +353 (0)71 93 05222
**F:** +353 (0)71 91 60475
**E:** info@itsligo.ie
**W:** itsligo.ie